www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2018**

# Ealaín agus Dearadh

Aonad Measúnaithe AS 2
*ag measúnú*
Freagairt Phearsanta

**[SAR21]**

## Ag tosú ar 1 Feabhra 2018 Aonad AS 2: Freagairt Phearsanta

**Ar fáil ar líne ó Lúnasa 2017 d'Aonad AS 1: Punann Thurgnamhach**

## AG TOSÚ AR 1 FEABHRA 2018

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Ba chóir go mbeadh an obair seo comhlánaithe tuairim is seachtain amháin sula gcuirfear na marcanna chuig CCEA.
Is é **60** an marc iomlán don pháipéar seo.
Moltar d'iarrthóirí an páipéar ar fad a léamh roimh obair ar bith a thosú.
Is féidir treoir ar mhaoirseacht, ar thacaíocht agus ar fhíordheimhneacht a fháil ach í a iarraidh nó is féidir í a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CCEA ag www.ccea.org.uk

### OBAIR ULLMHÚCHÁIN

Ní mór duit obair ullmhúcháin a chur ar fáil mar thacaíocht leis an toradh ar do Fhreagairt Phearsanta.
Níl aon srianta leis an am nó an áit ar féidir tabhairt faoin obair ullmhúcháin.
Ní mór don obair ullmhúcháin **uilig** a bheith fíordheimhnithe ag do mhúinteoir.

### AN FHREAGAIRT DEIRIDH

Tosaíonn an tréimhse scrúdúcháin don fhreagairt deiridh ar 1 Feabhra i mbliain an scrúdaithe. Ba chóir an páipéar spreagthach a úsáid mar thúsphointe don Phunann Thurgnamhach in Aonad 1, ón Mheán Fómhair roimh bhliain an scrúdaithe. Caithfear an fhreagairt deiridh a chomhlánú taobh istigh den lárionad agus is féidir í a thosú am ar bith le linn na tréimhse scrúdúcháin. Ní mór di a bheith fíordheimhnithe ag do mhúinteoir. Cuirfidh an lárionad deich n-uair an chloig d'am feitheoireachta ar fáil le maoirseacht a dhéanamh ar chomhlánú deiridh an tsaothair. Ba chóir an obair ullmhúcháin agus an fhreagairt deiridh a thabhairt do do mhúinteoir le go mbeidh measúnú déanta uirthi agus modhnóireacht ina dhiaidh sin ag modhnóir de chuid CCEA.

11325.01

www.xtrapapers.com

**Treoracha d'iarrthóirí**

AS 2, **An Fhreagairt Phearsanta**, is páipéar spreagthach é atá socraithe go seachtrach a chuirfidh pointí tosaigh molta ar fáil a thagann amach as téama socraithe a bhíonn eisithe ag CCEA ag tús an chúrsa AS.

Is féidir tabhairt faoin téama trí cheann ar bith de na speisialtóireachtaí GCE Ealaín agus Dearadh seo a leanas:

- Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar;
- Grianghrafadóireacht agus Meáin Lionsa-Bhunaithe;
- Dearadh Tríthoiseach; nó
- Teicstílí.

**Critéir Mheasúnaithe**
Agus do chuid oibre á marcáil, bainfear úsáid as na cuspóirí measúnaithe seo a leanas:

**CM1** **Eolas agus Tuiscint:** Smaointe a fhorbairt trí imscrúduithe marthanacha agus fócasaithe a dhéanamh a bheidh bunaithe ar fhoinsí comhthéacsúla agus eile, ag léiriú tuiscint atá anailíseach agus criticiúil.

**CM2** **Próiseas cruthaitheach:** Acmhainní, meáin, ábhair, teicnící agus próisis chuí a fhiosrú agus a roghnú, agus smaointe a athbhreithniú agus a bheachtú de réir mar a fhorbraíonn obair.

**CM3** **Scileanna:** Smaointe, breathnuithe agus aon léargas atá ábhartha do chuspóirí a thaifeadadh, agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar obair agus dul chun cinn.

**CM4** **Toradh:** Freagairt phearsanta bhríoch a chur i láthair a chuireann cuspóirí i gcrích agus, an áit ar cuí é, a dhéanann ceangail idir eilimintí amhairc agus eile.

Anseo thíos tá leithdháileadh céatadánach na marcanna don aonad seo:

- CM1 16.67% [10 marc]
- CM2 16.67% [10 marc]
- CM3 16.67% [10 marc]
- CM4 50% [30 marc]

Ba chóir duit an páipéar ar fad a léamh.

Moltar duit tosú ar smaointe a fhiosrú don téama seo le linn Aonad 1, an Phunann Thurgnamhach, ionas go mbeidh tú ábalta tarraingt ar d'obair agus d'fhorbairt thurgnamhach in Aonad 1 le toradh a tháirgeadh le linn Aonad 2, an Fhreagairt Phearsanta.

Is féidir go bhfaighidh tú inspioráid ó smaointe, ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí atá luaite fud fad an pháipéir, ach táthar ag dúil le go ndéanfaidh tú smaointe a fhiosrú agus obair a tháirgeadh go príomha i meáin agus i ndisciplíní a bhaineann le do speisialtóireacht roghnaithe féin. San Ealaíon, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar, cuimsíonn seo na disciplíní ar fad.

Tabharfaidh do mhúinteoir treoracha cruinne duit ar chomhlánú agus measúnú do chuid obair ullmhúcháin agus na socruithe atá déanta do na seisiúin tástála rialaithe agat.

www.xtrapapers.com

**Staidéar Ullmhúcháin**
Ní mór duit do Léiriú Intinne, d'obair ullmhúcháin, do thoradh/thorthaí deiridh, agus do luacháil scríofa a chur i láthair le haghaidh measúnú. D'obair ullmhúcháin, ní mór di tacú le táirgeadh an toraidh deiridh agus is féidir léi bheith i bhfoirm leabhar oibre, leabhair sceitseála, leathanaigh scaoilte, nó aon mheán cuí traidisiúnta nó digiteach eile atá déthoiseach nó tríthoiseach. Ba chóir í a chur i láthair leis an toradh leis na critéir mheasúnaithe uilig atá liostaithe a chomhlíonadh.

**Níor mór gur leat féin í an obair uilig a chuirtear i láthair don scrúdú seo.**

**Treoir**

Ba chóir duit:

- **Léiriú Intinne** a tháirgeadh, nach bhfuil níos mó ná 300 focal ann, ina dtugtar breac-chuntas ar an dóigh a bhfuil sé ar intinn agat na smaointe seo a fhorbairt i dtreo toraidh. Níor chóir dó seo do phróiseas cruthaitheach a theorannú agus is féidir leis na cuspóirí agat athrú de réir mar a théann do chuid oibre ar aghaidh. Is féidir leat é seo a léiriú sa luacháil agat.
- An obair ullmhúcháin agat a fhorbairt agus a chur i láthair. Is féidir go gcuimseoidh sé líníochtaí, pictiúir phéinteáilte, colláisí, grianghrafadóireacht, leathanaigh dearaidh, samplaí, maquettes, nó fréamhshamhlacha atá ábhartha don speisialtóireacht agat, i meáin thraidisiúnta nó dhigiteacha.
- Tuiscint a léiriú ar na heilimintí foirmiúla agus na prionsabail dearaidh a bhaineann le healaín, ceardaíocht agus dearadh.
- Tuiscint chomhthéacsúil a léiriú ar obair cleachtóirí eile agus ar an speisialtóireacht a roghnaigh tú féin.
- Meáin, ábhair nó teicnící cuí a roghnú atá fóirsteanach le do thoradh a tháirgeadh.
- Do chuid smaointe a athrú agus a bheachtú de réir mar a théann siad chun cinn.
- Pleanáil agus ullmhú do tháirgeadh an toraidh deiridh a dhéanamh a fhoireann don am atá ar fáil.
- Toradh a tháirgeadh a léiríonn do chuid cuspóirí.
- An obair ullmhúcháin chomhlánaithe agus an toradh agat a chur i láthair i modh cuí.
- Luacháil ghairid scríofa den fhreagairt phearsanta agat a chomhlánú. (Uasmhéid 300 focal)
- An obair seo a chur ar fáil le haghaidh marcáil agus modhnóireachta nuair a iarrann do lárionad ort é a dhéanamh.

www.xtrapapers.com

## TÉAMA: Neas-suí

Tá ról lárnach ag neas-suí maidir le cuid mhór réimsí den ealaín, den cheardaíocht agus den dearadh. Mar shampla, eilimintí in ábhar a fhrithshuí lena chéile le difríochtaí a aibhsiú, nó neas-suí teicnící, scála, meán nó próiseas. Sa dearadh agus ailtireacht, bíonn éifeachtaí corraitheacha á gcruthú ag neas-suí eilimintí struchtúrtha de stíleanna difriúla. Freagraíonn gluaiseachtaí san ealaín agus dearadh go minic dóibh siúd a chuaigh rompu, ag cruthú stíleanna nua nó ag comhcheangal eilimintí le stíleanna nó le móitífeanna a bhí ann níos luaithe.

**Ar na sainmhínithe ar neas-suí tá:**

- *An fhíric a bhaineann le dhá rud a bheith feicthe nó curtha gar dá chéile le héifeacht chodarsnach*
- *Gníomh nó cás a bhaineann le rudaí a chur gar dá chéile nó taobh le taobh, go háirithe le comparáid nó codarsnacht a dhéanamh*

Ba chóir duit obair ealaíontóirí, ceardaithe nó dearthóirí eile a fhiosrú le do chuid imscrúduithe agus smaointe féin a spreagadh agus a fhorbairt. Thig leat na samplaí seo a leanas a úsáid mar thúsphointe nó do rogha féin de chleachtóirí ábhartha a fhiosrú. Is féidir leat inspioráid a roghnú ón speisialtóireacht a bhfuil staidéar á dhéanamh agat uirthi nó ó roinn ar bith eile den pháipéar.

www.xtrapapers.com

**Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar**

Neas-suíonn léaráidí dubh agus bán **Harry Clarke**, amhail iad siúd le haghaidh ***Tales of Mystery and Imagination*** le **Edgar Allan Poe**, codanna de mhionghnéithe casta le codanna cothroma a bhfuil dath dubh orthu. Frithshuíonn **Lauren Child** léaráidí atá tarraingthe de láimh le híomhánna agus patrúin a bhí ann cheana.

Cuireann dealbh **Meret Oppenheim**, ***Breakfast in Fur***, cupán, sásar agus spúnóg atá clúdaithe le fionnadh míshuaimhneas ar an bhreathnóir trí rud coitianta a nasc-shuí le hábhair atá neamhchoitianta nó nach bhfuiltear ag dúil leo. D'fhrithshuigh **Claes Oldenburg** ábhair dholúbtha le hábhair sholúbtha sna dealbha boga aige.

Neas-suigh an **tOsréalaí René Magritte** ón Bheilg rudaí coitianta i gcomhthéacsanna nó i suíomhanna neamhchoitianta, agus é spreagtha ag teoiricí Freud ar shíocanailís agus íomháineachas na mbrionglóidí. Cuireann an péintéir áitiúil **Stephen Johnston** fíoracha agus rudaí coitianta i gcomhthéacsanna neamhchoitianta.

Neas-suíonn **Tenmouya Hisashi** stíleanna agus íomháineachas traidisiúnta priontaíochta na Seapáine le hip hap, graifítí agus íomhánna spóirt.

Léiríonn ***The Three Ages of Woman*** agus ***Death and Life*** le **Gustav Klimt** íomhánna de dhaoine ag céimeanna éagsúla sa tsaol acu.

Comhcheanglaíonn dealbha ceirmeacha **Brendan Tang** smaointe agus tionchair chomh héagsúil le popchultúr nua-aimseartha agus soithí Ríshliocht Ming na Síne le saothair a chruthú a bhfuil greann mór ag baint leo.

Neas-suíonn **Shahzia Sikander** cultúir ón oirthear agus ón iarthar sa tsaothar aici a chuimsíonn líníocht, péintéireacht, beochan, suiteáil agus taibhiú.

Léiríonn pictiúir **Kelly Reemtsen** róil chontrártha na mban nua-aimseartha. Tá siad gléasta i ngúnaí seanré dearthóra fad a dhéanann siad tascanna a bhaineann go traidisiúnta le 'fir'.

Cruthaíonn colláisí **Joe Webb** éifeachtaí osréalacha trí íomháineachas na seanré a fhrithshuí le cúlraí osréalacha. Tá neas-suíomhanna amhairc in íomhánna stionsalaithe **Banksy**. Cuireann an saothar acu barúlacha in iúl ar mhórcheisteanna sóisialta, polaitiúla agus timpeallachta.

Léiríonn ***Future Fossils*** le **Jeff Klarin** teicneolaíochtaí atá as dáta mar dhealbha coincréite a bhfuil an chuma orthu go raibh siad tochailte as an talamh.

Clúdaíonn ***Ceramic Patchworks*** le **Zoë Hillyard** ceirmigh bhriste le teicstílí priontáilte in áit an mhaisiúcháin dromchla agus baineann sí úsáid as fuáil láimhe le hiad a chur le chéile arís, a chruthaíonn comhcheangail shuimiúla.

Cruthaíonn dealbhóirí timpeallachta **Christo agus Jeanne-Claude** suiteáin sa timpeallacht nádúrtha nó filleann siad ábhair thart ar shainchomharthaí aithnidiúla.

www.xtrapapers.com

Cruthaíonn **Stephanie Metz** dealbha le feiltiú snáthaide d'ábhair nach mbeifí ag dúil leo, amhail blaoscanna ainmhithe.

Frithshuíonn suiteáin ailtireachta **Do Ho Suh**, ina bhfuil teicstílí fíneálta, le daingne thraidisiúnta struchtúir ailtireachta.

Frithshuíonn clóghrafaíocht fhuaite **Peter Crawley** go tréan le hionchais na meán clóite againn.

Frithshuíonn dealbha ceirmeacha ***Budding*** le **Rachel Leary** poirceallán mín bán le bachlóga atá déanta as glónra Faensa na hÉigipte. Tá croíthe poircealláin **Jemma Millen** maisithe le glónraí geala agus le patrúin bhláthacha.

Comhcheanglaíonn pictiúir ghrafacha **Patrick Caulfield** dath cothrom le himlínte tiubha dubha atá neas-suite le sonraí sár-réalachais.

Frithshuíonn pictiúir fhíoracha osréalacha **Cristina Troufa** codanna de mhionphéintéireacht le codanna de spás diúltach agus cúlraí folmha.

Frithshuíonn dearadh ailtireachta **Zaha Hadid** do ***Atelier Notify*** aghaidh shreabhach sheachtrach le taobh istigh ina bhfuil foirmeacha dealbhóireachta poncaithe le cruthanna diúltacha.

Bhain dearadh grafach **Victor Moscoso** úsáid as dathanna neas-suite ó fhoircinn urchomhaireacha de chiorcal na ndathanna le héifeacht 'shícideileach' a chruthú i gcuid mhór den tsaothar aige ó na 1960idí.

Neas-suíonn láithreáin stáitse **David Hockney**, amhail é sin do ***Turandot***, scáthchruthanna cothroma a bhfuil dathanna geala orthu le cisil de phatrún agus uigeacht.

Neas-suíonn **Barbara Kruger** íomhánna fótagrafacha dubh agus bán a bhí ann cheana le teidil i dtéacs *Futura Bold* dearg agus bán. Is critíc í a cuid oibre de chultúr Mheiriceá nua-aimseartha agus fiosraíonn sí smaointe an tomhaltachais agus an fheimineachais.

Frithshuíonn clúdaigh albam **Vaughan Oliver** íomháineachas agus clóghrafaíocht osréalach, ag cruthú léiriú don tsúil den cheol. Tá clú ar obair **Stefan Sagmeister** do thionscal an cheoil mar gheall ar a úsáid nuálach de chlóghrafaíocht.

www.xtrapapers.com

**Grianghrafadóireacht agus Meáin Lionsa-Bhunaithe**

Baineann **Stefan Nadelman** úsáid as neas-suí ina chuid puipéadóireachta agus beochaintí. San fhíseán ceoil d'amhrán **Ramona Falls**, ***I Say Fever*** cuirtear cloigne ainmhithe in áit cloigne daoine.

Cruthaíonn grianghraif **Richard Kalvar** greann as cúrsaí gach lae trí úsáid chliste a bhaint aige as frámú.

Déanann scannáin, suiteáin agus taibhithe **Wael Shawky** stair, cultúr agus éifeachtaí an domhandaithe ar shochaithe comhaimseartha a fhiosrú.

Déanann sraith ***Abandoned*** le **Christian Richter** ailtireacht mheathlach foirgnimh thréigthe a dhoiciméadú, ag frithshuí na struchtúir agus iad ag titim as a chéile leis an ghalántacht a bhain leo roimhe sin.

Déanann tionscadal **Zed Nelson *Hackney*** neas-suí an tsaibhris agus an daibhris sa bhuirg chéanna de Londain a dhoiciméadú.

Déanann sraith **Joel Sternfeld *Highline*** an trasnú idir tírdhreach an iarnróid thréigthe agus cathair Nua-Eabhrac a dhoiciméadú.

Grianghraif agus suiteáin físealaíne **Doug Aitken *New Opposition***, neas-suíonn siad ceithre íomhá thírdhreacha in aon saothar comhaontaithe amháin.

Baineann **Wang Qingsong** úsáid as grianghrafadóireacht, íomhánna ríomhghinte, dealbhóireacht agus péintéireacht ina chuid oibre. Roghnaíonn sé íomhánna frithráiteacha ón réaltacht le scéalta a insint faoi nuachóiriú na Síne.

Comhcheanglaíonn sraith **Victor Sloan**, ***Circus***, teicnící péintéiriúla le próisis thraidisiúnta ghrianghrafadóireachta.

Cruthaíonn **Anne-Laure Maison** colláisí digiteacha de ghrianghraif d'fhuinneoga agus doirse atá soilsithe ón taobh istigh san oíche. Cóiríonn sí iad i struchtúir shamhailteacha in éadan cúlra dubh.

Gabhann tionscadal **Lorenzo Vitturi**, ***Dalston Anatomy***, nádúr Mhargadh Bhóthar Ridley in Oirthear Londan, le grianghraif de réada a bhí ann cheana in éadan cúlraí d'ábhair an mhargaidh a bhí caite i dtraipisí.

www.xtrapapers.com

**Dearadh Tríthoiseach**

Is dearthóirí troscáin iad **na deartháireacha Campana** a raibh tionchar ag cultúr na sráide sa phríomhchathair acu, São Paulo, orthu. Bhain siad úsáid as réada a bhí ann cheana le píosaí a chruthú nach ndearnadh ach méid teoranta acu, cathaoireacha go háirithe.

Comhcheanglaíonn soithí poircealláin **Claire Newell** codanna de dhath bán atá frithshuite le patrúin agus uigeachtaí miona spreagtha ag an domhan nádúrtha.

Is lear mór de dhromchlaí agus foirmeacha frithshuite, a chuimsíonn brice, alúmanam scuabtha agus snasaithe, miotal rocach agus ballaí péinteáilte go geal, é ***Ray and Maria Stata Center*** le **Frank Gehry**.

Bíonn stíl sheanré go minic ar sheodra **Emiko Oye** ach tá sé déanta as Lego, a mbaintear feidhm nua as, chomh maith le hábhair scothlómhara.

Tháirg comharghrúpa dearthóirí Iodálacha, an **Memphis Group**, dearaí nuálacha don teach cónaithe, le dromchlaí clúdaithe le patrúin gheala líneacha gheoiméadracha agus blocbhoinn dhaite.

Is imeartas ar chathaoir uilleach thraidisiúnta an iarthair í cathaoir ***How High the Moon*** le **Shiro Kuramata**. Tá cuma chathaoir thraidisiúnta ar an chruth ach níl aon struchtúr inmheánach tacaíochta ann agus tá an chathaoir déanta as mogall nicilphlátáilte.

Rinne **Tea Petrovic** réimse bróg a dhearadh a bhí spreagtha ag saothar **Naum Gabo** agus **Santiago Calatrava**, ag baint úsáid as cruthanna dearfacha agus diúltacha comhcheangailte le sreang.

Comhcheanglaíonn dearaí bróg **Safa Sahin** réimse foirmeacha agus ábhar nach mbeifí ag dúil leo.

Comhcheanglaíonn soilse agus troscán **Nacho Carbonell** ábhair agus foirmeacha ar dhóigheanna nach mbeifí ag dúil leo.

Tá clú ar **Paul Evans**, ar dearthóir troscáin agus ealaíontóir é, mar gheall ar a chomhcheangal de mhiotail dhifriúla agus adhmad. Déanann sé turgnaimh fosta le foirmeacha teibí bláthacha agus geoiméadracha ina chuid dearaí.

Frithshuíonn vásaí agus babhlaí dealbhacha ceirmeacha **Sarah Hillman** na spásanna dearfacha agus diúltacha trí úsáid foirme agus datha.

Dearadh **BMW** ***Motorrad Vision Next 100*** do ghluaisrothar, comhcheanglaíonn sé dearadh todhchaíoch le fráma a chuireann an chéad ghluaisrothar de chuid BMW ó 1923 i gcuimhne.

www.xtrapapers.com

**Teicstílí**

Fócasaíonn saothar teicstíle **Caren Garfen** ar pholaitíocht na n-inscní agus saincheisteanna na mban san aonú haois is fiche. Comhcheanglaíonn sí ábhar comhaimseartha le teicnící traidisiúnta fuáil láimhe.

Neas-suíonn ***Chanel Data Centre*** le **Karl Lagerfeld** priontaí teicnidhatha, painéil DAS (*LED*), oiriúintí a lasann, málaí láimhe róbait agus airgead todhchaíoch le bréidíní íocónacha Chanel.

Taispeánann ***Vagabonds AW16*** le **Viktor agus Rolf** teicstílí athchúrsáilte ó bhailiúcháin san am a chuaigh thart agus comhcheanglaíonn sé fuílleach fabraicí lámhfhite le sonraí dealbhacha.

Glacann **Mariko Kusumoto** feiniméin nádúrtha nó de dhéantús an duine agus déanann sí iad a 'atheagrú' ina léiriú nua, trí úsáid na teictstílí aici, ag cruthú torthaí atá osréalach nó gan choinne.

Is comhoibriú é ***Interlaced*** idir ealaíontóirí teicstíle **Ruth Singer** agus **Bethany Walker**, a chomhcheanglaíonn foirmeacha fíneálta ionramháilte orgánacha teicstíle atá curtha i gcoincréit.

Neas-suíonn dearaí hataí **Mary Franck** dath, foirm agus uigeacht le cruthanna orgánacha agus geoiméadracha.

Cruthaigh **Elsa Schiaparelli** líon píosaí osréalacha i gcomhar le **Salvador Dali** agus **Jean Cocteau**, lena n-áirítear ***Shoe Hat*** agus ***Tear Dress***.

Frithshuíonn dearaí **Fred Butler** le haghaidh oiriúintí dearaí geoiméadracha le dathanna geala a chuireann oragámaí go minic i gcuimhne agus oibríonn siad in éadan chruth an duine seachas leis an chruth sin.

Neas-shuigh bailiúchán ***SS17*** le **Gareth Pugh** scáthchruthanna dubha le foirmeacha órga geoiméadracha a chuireann sonraí ailtireachta i gcuimhne.

Déanann **Helle Jorgenson** dealbha agus seodra a chróiseáil atá spreagtha ag foirmeacha nádúrtha amhail coiréal agus giúrainn.

Neas-suíonn hataí **Moody agus Farrell** foirmeacha traidisiúnta le hábhair nach bhfuiltear ag dúil leo amhail veinír adhmaid agus léarscáileanna páipéir.

Comhcheanglaíonn ***Wearable Sketches*** le **Edda Gimnes** líníochtaí dubh agus bán atá priontáilte go digiteach ar hataí, gúnaí agus bróga, agus geamhaíonn siad na teorainneacha idir ealaín agus faisean.

www.xtrapapers.com

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.